

An Gnáthrud le Déirdre Ní Ghrianna.

Téama an scéil:

Baineann an scéal seo le foréigean an Tuaiscirt agus saol an teaghlaigh. Is fear mór clainne é Jimmy atá sona sásta lena bhean chéile. Níl a fhios againn cén fáth ar scaoileadh urchar le Jimmy, ach b'fhéidir gur fhág teaghlach Caitliceach an teach a cheannaigh Jimmy agus Sarah. Seans gur Protastúnaigh iad, mar Elizabeth agus Margaret is ainm don chúpla. B'fhéidir gurbh é sin an "fáth" a scaoileadh urchar leis ag deireadh an scéil.

Carachtair an scéil:

Jimmy: Ní fhaighimid amach mórán faoi shaol Jimmy, ach faighimid pictiúr maith ar an sórt duine atá ann. Is fear **cineálta, ciallmhar**, é Jimmy agus tá **grá mór aige** dá bhean chéile agus dá pháistí. Nuair a bhí sé sa teach tábhairne, bhí sé ag smaoineamh ar a chlann agus ba mhaith leis an tráthnóna a chaitheamh leo. Feicimid gur duine **deas, tuisceanach** é. Shocraigh sé ar chuidiú lena chara Billy nuair a fuair sé amach go raibh sé i dtrioblóid ar an láthair tógála. Mhottaigh sé trua do Liz sa bhialann Shíneach freisin. Ní ólann sé barraíocht agus oibríonn sé go cruá don teaghlach.

Sarah: Is bean **óg, álainn** í Sarah agus máthair mhaith.

Feicimid gur duine **réasúnta** í, mar lig sí dá fear céile dul amach ag ól agus í ag obair sa teach. Is bean **bhródúil** í freisin, mar níor mhaith léi go sílfeadh cairde Jimmy go raibh a fear faoi shlat aici. Tá sí sásta lena saol agus tá teach breá, cluthar réidh aici dá clann/teaghlach óg.

Barúl:

Thaitin an gearrscéal seo go mór liom. Tugann an scríbhneoir pictiúr láidir de shaol Bhéal Feirste sna "Trioblóidí". Is aoibhinn liom carachtar Jimmy - Is léir go bhfuil grá speisialta aige dá theaghlach/chlann, agus taitníonn sin liom. Tá meas ag an léitheoir air agus sin an fáth a scanraíonn críoch an scéil muid. Tharla an dúnmharú go tobann do Jimmy agus don léitheoir freisin. Is dúnmharú uafásach é mar is fear deas é a bhfuil grá mór aige dá theaghlach, chuir críoch an scéil brón an domhain orm ☹